



An Bhruiséil, 9 Nollaig 2016
(OR. en)

15413/16

JAI 1078
COSI 230
CT 13
ENFOPOL 485
COTER 131
COWEB 152
PSC DEC 57
JAIEX 118
FRONT 485

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 8 Nollaig 2016

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 14795/16
roimhe seo:

Ábhar: Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngné sheachtrach de shlándáil
inmheánach an Aontais a neartú sna Balcáin Thiar lena n-
áirítear tríd an Rialachas Slándála Inmheánaí Lánpháirtithe (IISG)
- Conclúidí ón gComhairle (8 Nollaig 2016)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngné sheachtrach de shlándáil inmheánach an Aontais a neartú sna Balcáin Thiar, lena n-áirítear tríd an Rialachas Slándála Inmheánaí Lánpháirtithe (IISG), a ghlac an Chomhairle ag an 3508ú cruinniú dá cuid ar an 8 Nollaig 2016.

Dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an ngné sheachtrach de shlándáil inmheánach an Aontais a neartú sna Balcáin Thiar lena n-áirítear tríd an Rialachas Slándála Inmheánaí Lánpháirtithe (IISG)

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS,

AGUS TAGAIRT Á DÉANAMH AICI do Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh¹ maidir leis an mBeartas Eachtrach agus Slándála lena n-áirítear go gcuirfidh an tAontas Eorpach síocháin chun cinn agus go ráthóidh sé slándáil a chuid saoránach agus a chríche agus lena gcuirtear san áireamh go bhfuil an tsándáil inmheánach agus an tsándáil sheachtrach fite fuaite lena chéile níos mó ná riamh, lena gcruthaítear inár slándáil sa bhaile suim ag an am céanna sa tsíocháin inár réigiúin chomharsanachta agus máguaird;

AG TABHAIRT DÁ hAIRE gur ó thaobh na slándála de nach bhfuil teorainn ar bith leis an sceimhlitheoireacht, le bagairtí hibrídeacha agus leis an gcoireacht eagraithe agus thromchúiseach, agus éilítear leo go mbeadh an tAontas ina gheallsealbhóir domhanda freagrach trí chaidreamh a neartú agus trí chomhpháirtíochtaí leathana a thógáil le stáit sna réigiúin in aice láimhe, le comhlachtaí réigiúnacha, le heagraíochtaí idirnáisiúnta, leis an tsochaí shibhialta agus leis an earnáil phríobháideach. Molann an Straitéis Dhomhanda freisin go ndéanfaí comhar frithsceimhlitheoireachta lena gcomhlíontar cearta an duine a chur chun cinn le réigiúin lena n-áirítear an Afraic Thuaidh, an Meánoirthear, na Balcáin Thiar agus an Tuirc, i measc eile, lena n-áirítear i ndáil le saincheisteanna amhail an comhrac i gcoinne an antoiseachais fhoréignigh agus an radacaithe;

Á MHEABHRÚ DI na conclúidí ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2016² maidir le EUGS ina luaitear go ndéanfaidh an tArdionadaí agus an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit obair a thabhairt ar aghaidh maidir leis "an leas is fearr is féidir a bhaint as sineirgí agus maidir le comhleánúnachas a áirithiú idir freagairtí beartais ar na dúshlán atá os comhair bheartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais. Cuireann an Chomhairle i dtreis maidir leis an méid sin gur gá díriú ar an imirce chomh maith leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus bagairtí hibrídeacha agus gur gá tacú leis na Ballstáit sa mhéid sin";

¹ 10715/16

² 13201/16

AGUS AIRD Á TABHAIRT AICI ar na conclúidí ón gComhairle maidir le forbairt na Straitéise athnuaite i ndáil leis an tSlándáil Inmheánach an 4-5 Nollaig 2014³ agus na Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis athnuaite an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an tSlándáil Inmheánach 2015-2020⁴, ina n-admhaítear go bhfuil na naisc idir slándáil inmheánach agus slándáil sheachtrach an Aontais Eorpaigh ag dul i méid i gcónaí agus ina leagtar béim ar chur chuige lánpháirteach comhlántach comhsheasmhach i dtaca le tríú tíortha lárnacha agus comhpháirtithe maidir le gnéithe slándála lena ngabhann leas frithpháirteach;

AG MEABHRÚ an Ráitis ón 12 Feabhra 2015⁵ ó chomhaltaí na Comhairle Eorpaí, ina leagtar béim ar a thiomanta agus atá siad tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh in aghaidh na mbagairtí ó na sceimhlitheoirí, agus cearta an duine agus an smacht reachta á gcomhlíonadh ina n-iomláine, agus ina bhforáiltear do threoir maidir le gníomhú le slándáil na saoránach a chinntiú, cosc a chur ar an radacú agus luachanna a chosaint chomh maith le níos mó idirghabhála a dhéanamh le tríú tíortha⁶ faoi chúrsaí slándála agus frithsceimhlitheoireachta, go háirithe sa Mheánoirthear agus i dTuaisceart na hAfraice agus sa tSaiheil, ach sna Balcáin Thiar fosta, lena n-áirítear trí thionscadail nua lena bhforbraítear acmhainní i gcomhar le comhpháirtithe agus trí chúnamh níos spriocdhírithe ón Aontas Eorpach;

AGUS AIRD Á TABHAIRT AICI ar na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha ar an 9 Feabhra 2015 maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht, faoi cheannaireacht Ardionadaí/Leas-Uachtarán Mogherini, leis an gcomhar le tíortha i dTuaisceart na hAfraice, sa tSaiheil, sa Mheánoirthear, i réigiún na Murascaille, sa Tuirc agus sna Balcáin Thiar a neartú;

AGUS TAGAIRT Á DÉANAMH AICI do na conclúidí ón gComhairle maidir leis an "gCur chuige lánpháirtithe, comhlántach i ndáil leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus leis an antoisceachas foréigneach sna Balcáin Thiar", a ghlac an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile ar an 3-4 Nollaig 2015⁷;

³ 15670/14

⁴ 9798/15

⁵ SN 10/15

⁶ Agus an téarma "tíortha" á úsáid sna Conclúidí, ní chiallaíonn sé sin go dtugtar aitheantas gur stáit iad.

⁷ 14986/15

AG TABHAIRT DÁ hAIRE na Conclúidí ón gComhairle an 8 agus an 9 Samhain 2010 maidir le "Timthriall Beartais AE a chruthú agus a chur chun feidhme le haghaidh coireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach" d'fhoilligh i ngleic leis na bagairtí coiriúla is mó ar bhealach comhsheasmhach modheolaíoch tríd an gcomhar is fearr is féidir idir seirbhísí ábhartha na mBallstát, Institiúidí an Aontais agus Gníomhaireachtaí an Aontais mar aon le tíortha agus le heagraíochtaí ábhartha tríú tír;⁸

AGUS TAGAIRT Á DÉANAMH AICI don tacaíocht ó airí gnóthaí baile na mBalcán Thiar, ón Aontas agus ó chomhpháirtithe idirnáisiúnta eile i leith shíneadh céim ar chéim an chur chuige lánpháirtithe chomhlántaigh, a úsáidtear chun antoiseachas foréigneach a chosc agus chun sceimhlitheoireacht a chomhrac sna Balcáin Thiar, chuig réimsí eile na slándála inmheánaí, amhail an comhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí agus eagraithe agus slándáil teorann, a cuireadh in iúl ag Fóram CGB idir an tAontas agus na Balcáin Thiar i mí na Nollag 2015 i Sairéavó;

AG TABHAIRT DÁ hAIRE ar baineadh de thátal as Comhdháil Aireachta Phróiseas Brdo a tionóladh i mí Aibreáin 2016 nuair a phléigh airí gnóthaí baile na mBalcán Thiar, na Cróite, na Slóivéine mar aon le hionadaithe institiúidí an Aontais agus roinnt eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta an bealach chun an Cur Chuige Lánpháirtithe Comhlántach sa Chomhrac i gcoinne na Sceimhlitheoireachta agus an Antoiseachais Fhoréignigh sna Balcáin Thiar (Tionscnamh Frithsceimhlitheoireachta na mBalcán Thiar - WBCTi) a fhorbairt tuilleadh i gcoincheap an Rialachais Slándála Inmheánaí Lánpháirtithe (IISG). Mar chuid den choincheap sin bheadh príomhréimsí eile den chomhar slándála inmheánaí amhail coireacht thromchúiseach, coireacht eagraithe agus slándáil teorann;

⁸ 15358/10

AG MEABHRÚ DI gur aithin an tAontas na Balcáin Thiar mar réigiún tosaíochta i gcomhair gníomhaíochta seachtraí i ndáil leis an bhfrithsceimhlitheoireacht, agus go bhfuil SEGS agus seirbhísí an Choimisiúin ag cur feabhais ar an gcomhar idir gníomhaireachtaí an Aontais agus údaráis ábhartha na mBalcáin Thiar maidir le frithsceimhlitheoireacht agus cur i gcoinne an antoisceachais fhoréignigh, lena n-áirítear trí Shaineolaí Frithsceimhlitheoireachta/Shaineolaí Slándála a chur ar fáil do Thoscaireacht an Aontais i Sairéavó le sainordú réigiúnach;

Á THABHAIRT DÁ hAIRE gur mhol seirbhísí an Choimisiúin, SEGS agus geallsealbhóirí eile cúnamh airgeadais a thabhairt do chlár agus do thionscadail i leith frithsceimhlitheoireachta, coireacht eagraithe agus slándáil teorann faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais agus faoi ionstraimí airgeadais ábhartha eile.

COMHAONTAÍONN SÍ go ndéanfaidh sí gné sheachtrach shlándáil inmheánach an Aontais a neartú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Tús áite a thabhairt do ghníomhaíochtaí chun sásra níos cuimsithí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí slándála i réigiún na mBalcáin Thiar trí phóilíneacht bunaithe ar fhaisnéis a lánpháirtiú san áireamh chun tosaíochtaí frithsceimhlitheoireachta agus coireachta tromchúisí agus eagraithe a shocrú ar an leibhéal réigiúnach, agus é sin ar aon dul leis an gcur chuige arna ghlacadh i dTimthriall Beartais an Aontais;
2. Tacú le forbairt an Chur Chuige Lánpháirtithe Comhlántach sa Chomhrac i gcoinne na Sceimhlitheoireachta agus an Antoisceachais Fhoréignigh sna Balcáin Thiar (Tionscnamh Frithsceimhlitheoireachta na mBalcáin Thiar – WBCTi) i gcoincheap an Rialachais Slándála Inmheánaí Lánpháirtithe do na Balcáin Thiar.

3. Socrú sásra comhordúcháin a spreagadh – Grúpa Tacaíochta Rialachas na Slándála Inmheánaí Lánpháirtithe (Grúpa Tacaíochta IISG) do na Balcáin Thiar, ina mbeadh ionadaithe ó rúnaíochtaí ábhartha atá sa réigiún cheana féin, ionadaithe ón Aontas agus comhpháirtithe idirnáisiúnta eile. D'fhéadfaí leis an sásra sin, i ndlúthchomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile atá gníomhach sa réigiún, roinnt tosaíochtaí, pleananna gníomhaíochta, tuarascálacha agus athbhreithnithe a mholadh, faireachán agus meastachán a dhéanamh mar aon le moltaí agus treoirlínte a mholadh, nuair is gá, sna trí réimse seo a leanas:

- (a) antoisceachas foréigineach a chosc agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac (WBCTi),
- (b) an choireacht thromchúiseach eagraithe (WBCSCi) a chomhrac agus
- (c) slándáil teorann (WBBSi);

D'fhéadfaí iarraidh ar fhóram ardleibhéil réigiúnach ábhartha atá ann cheana gníomhaíochtaí a mholfaidh Grúpa Tacaíochta IISG a ghlacadh nó a fhormhuiniú.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN, SEGS, GNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS AGUS COMHORDAITHEOIR FRITHSCEIMHLITHEOIREACHTA AN AONTAIS AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

póilíneacht bunaithe ar fhaisnéis a fhorbairt tuilleadh sna Balcáin Thiar maidir le beartais frithsceimhlitheoireachta agus beartais coireachta tromchúisí agus coireachta eagraithe chun tús áite a thabhairt do rannpháirtíocht an Aontais sa réigiún mar aon le hobair IISG amach anseo.

IARRANN SÍ AR COSI:

1. Leanúint ar aghaidh leis an gCur Chuige Lánpháirtithe Comhlántach a chur chun feidhme sna Balcáin Thiar, agus rannchuidiú leis an Rialachas Slándála Inmheánaí Lánpháirtithe agus lena phleananna gníomhaíochta (PVE & CT; SOC; Slándáil Teorann) sna Balcáin Thiar go háirithe d'fhonn comhordú leis na gníomhaíochtaí i dTimthriall Beartais an Aontais a bhaineann leis na Balcáin Thiar;
2. Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialachais Slándála Inmheánaí Lánpháirtithe sna Balcáin Thiar agus é a athbhreithniú tar éis bliain amháin, agus níos déanaí nuair is gá, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, SEGS, Comhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh agus le gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, agus nuair is ábhartha, an Chomhairle a chur ar an eolas faoi na forbairtí nua agus na torthaí cur chun feidhme.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

1. Tacú go gníomhach leis an gCur Chuige Lánpháirtithe Comhlántach a chur chun feidhme, an comhar riachtanach idir gníomhaithe an Aontais agus rannchuidiú leis an Rialachas Slándála Inmheánaí Lánpháirtithe agus lena phleananna gníomhaíochta (PVE & CT; SOC; Slándáil Teorann) sna Balcáin Thiar;
2. Roimh dóibh a ngníomhaíochtaí féin a phleanáil, breathnú ar na pleananna gníomhaíochta atá ann cheana féin agus ar mhaitris na ngníomhaíochtaí pleanáilte agus leantacha i réimse na slándála inmheánaí sna Balcáin Thiar a rinneadh trí phróiseas IISG d'fhonn dúbláil agus forluí a sheachaint;
3. Féachaint le faisnéis a roinnt i gcreat IISG maidir lena ngníomhaíochtaí ábhartha pleanáilte nó leanúnacha;
4. Rannpháirtíocht údarais ábhartha na mBalcáin Thiar i dTimthriall Beartais an Aontais a leathnú agus a neartú.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AGUS AR AN tSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ:

1. Comhpháirtíocht oibríochtúil an Aontais a neartú le tíortha réigiún na mBalcán Thiar maidir leis an bhFrithsceimhlitheoireacht, agus tús áite á thabhairt do na hábhair inní is mó agus do bhagairtí coiteanna, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do rioscaí a thagann as trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta a fhilleadh, radacú agus earcaíocht ag grúpaí sceimhlitheoirí agus antoiscigh fhoréigneacha agus maoiniú na sceimhlitheoireachta, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta lánpháirtithe WBCTi (iPA);
2. Comhpháirtíocht oibríochtúil an Aontais a neartú le húdaráis ábhartha tíortha sna Balcáin Thiar chun aghaidh a thabhairt ar an gcoireacht eagraithe thrasnáisiúnta agus na gréasáin choiriúla a dhéanann an ghníomhaíocht neamhdhleathach sin, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do gháinneáil ar dhaoine, ar airm, ar dhrugaí agus ar earraí neamhdhleathacha eile, mar aon le smuigleáil agus sciúradh airgid thirim agus sócmhainní coiriúla trí chomhar maidir le roinnt faisnéise, fiosrúcháin, ionchúisimh, nósanna imeachta breithiúnacha agus trí dhul i ngleic le héillitheacht ardleibhéil;
3. Tacú leis an gCur Chuige Lánpháirtithe Comhlántach a chur chun feidhme, agus an comhar riachtanach a sholáthar idir gníomhaithe an Aontais agus an Rialachas Slándála Inmheánaí Lánpháirtithe le linn dhréachtú agus chur chun feidhme a phleananna gníomhaíochta (CVE & CT; SOC; Slándáil Teorann);
4. Agus a dtionscnaimh féin á bpleanáil acu, breathnú ar na pleananna gníomhaíochta atá ann cheana féin agus ar mhaitris na ngníomhaíochtaí pleanáilte agus leanúnacha i réimse na slándála inmheánaí sna Balcáin Thiar a rinneadh trí phróiseas IISG agus é mar aidhm comhleanúnachas oibríochtúil a áirithiú;
5. Féachaint le faisnéis a roinnt faoi chuimsiú IISG maidir lena ngníomhaíochtaí ábhartha pleanáilte nó leanúnacha.

IARRANN SÍ AR GHNÍOMHAIREACHTAÍ AGUS AR CHOMHLACHTAÍ AN AONTAIS AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH

1. Tacú leis an gCur Chuige Lánpháirtithe Comhlántach a chur chun feidhme, an comhar riachtanach idir gníomhaithe an Aontais agus rannchuidiú leis an Rialachas Slándála Inmheánaí Lánpháirtithe agus lena phleananna gníomhaíochta (CVE & CT; SOC; Slándáil Teorann) sna Balcáin Thiar;
2. Roimh dóibh a ngníomhaíochtaí féin a phleanáil, breathnú ar na pleananna gníomhaíochta atá ann cheana féin agus ar mhaitrís na ngníomhaíochtaí pleanáilte agus leanúnacha i réimse na slándála inmheánaí sna Balcáin Thiar;
3. Féachaint le faisnéis a sholáthar, nuair a iarrtar í agus más iomchuí, maidir lena ngníomhaíochtaí ábhartha pleanáilte nó leanúnacha nó faisnéis atá ar fáil i ndáil le gníomhaíochtaí ábhartha de chuid comhpháirtithe idirnáisiúnta eile sna Balcáin Thiar, d'fhonn pleananna gníomhaíochta nó maitrís na ngníomhaíochtaí a thabhairt cothrom le dáta.
